



PREASEISIÚINT Uimh. 19/26

Lucsamburg, 26 Feabhra 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-92/23 | an Coimisiún v An Ungáir (An cheart chun seirbhísí meán a chur ar fáil ar radaimhnicíocht)

Mainneachtain Stáit: trí bhac a chur ar Klubrádió seirbhísí meán a chur ar fáil ar radaimhnicíocht, sháraigh an Ungáir dlí an Aontais

Is raidió tráchtála Ungárach é Klubrádió atá ag craoladh a chlár ar radaimhnicíochtaí ón mbliain 1999 i leith. In 2014, shínigh sé conradh le Comhairle na Meán san Ungáir maidir leis an gceart chun seirbhísí meán a chur ar fáil ar mhinicíocht 92.9 MHz i limistéar craoltóireachta Bhúdaipeist. Tugadh an conradh i gcrích le haghaidh tréimhse 7 mbliana, le féidearthacht athnuachan a fháil ar feadh thréimhse 5 bliana.

Ar dhul in éag an chonartha, dhiúltaigh Comhairle na Meán glacadh leis an iarraidh ar athnuachan: mheas sí gur mhainnigh Klubrádió faoi dhó ina oibleagáid faisnéis mhíosúil a thabhairt maidir le cuótaí craoltóireachta, agus gur athshárú a bhí i gceist. De réir dhlí na hUngáire maidir leis na meáin, i gcás sárú den sórt sin, diúltaítear athnuachan go huathoibríoch.

Ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh Comhairle na Meán glao ar thairiscintí chun seirbhísí meán a chur ar fáil ar an minicíocht lena mbaineann, ach dearbhaíodh go raibh iarratas Klubrádió ar neamhní. Tugadh bonn cirt don chinneadh sin le hearráidí i liosta na gclár agus le Klubrádió a bheith i gcothromas diúltach sna 5 bliana sula ndearnadh an t-iarratas, rud a d'fhág nach bhféadfadh a thairiscint stáisiún raidió cobhsaí agus iontaoifa ó thaobh feidhmíochta a áirithiú ar mhargadh na meán.

Agus é den tuairim gur sháraigh an Ungáir rialacha an Aontais maidir le cumarsáid leictreonach ¹, prionsabail na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus an dea-riaracháin agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chumhdaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ², thionscain an Coimisiún Eorpach caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Ina breithiúnas, glacann an Chúirt le formhór na ngearán ón gCoimisiún agus cinneann sí gur mhainnigh an Ungáir sna hoibleagáidí atá uirthi de bhun dhlí an Aontais.

I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt gurb amhlaidh, de réir chreat reachtach an Aontais a bhaineann le cumarsáid leictreonach, nach mór na cearta chun radaimhnicíochtaí a úsáid a shannadh ar bhonn critéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha. Faoi **dhlí na hUngáire maidir leis na meáin, áfach, diúltaítear go huathoibríoch cearta úsáide radaimhnicíochtaí a athnuachan** i gcás athsháruithe, **fiú más mionsáruithe foirmiúla amháin iad na sáruithe sin agus gur gearradh pionós ina leith cheana agus gur cuireadh iad ina gceart cheana. Dá thoradh sin, leis an dlí sin agus leis an gcinneadh diúltaithe athnuachana sin a glacadh ar a bhonn i ndáil le Klubrádió, sáraíodh prionsabal na comhréireachta.** Tá an dlí sin contrártha don phrionsabal sin freisin a mhéid a chuirtear as an áireamh an fhéidearthacht do na soláthraithe seirbhísí meán nach ndearnadh a gceart úsáide raidimhnicíochtaí a athnuachan mar gheall ar shárú a bheith déanta cearta úsáide sealadacha a iarraidh.

Mar an gcéanna, **tá an cinneadh maidir le neamhbhailíocht thairiscint Klubrádió** neamh-chomhréireach a mhéid atá sé bunaithe ar neamhrialtachtaí beaga i liosta na gclár, nach bhfuil aon tionchar ag an gceartú orthu ar shubstaint na tairisceana. Thairis sin, tá an foras neamhbhailíochta atá bunaithe ar chothromas diúltach Klubrádió agus ar an neamhféidearthacht a chostais a chumhdach lena láimhdeachas glan amháin **ar neamhréir le prionsabail na**

trédhearcachta agus na comhréireachta. Ar an gcéad dul síos, níl aon cheanglas maidir le staid chothromas na n-iarrrthóirí ná gá lena gcaiteachais a chuimsiú lena láimhdeachas glan amháin i imeasc na gcoinníollacha a bhaineann leis an inmharthanacht airgeadais a fhorchuirtear ar na hiarrthóirí leis an nglao ar thairiscintí lena mbaineann agus ní fhéadfaí é a thuiscint go réasúnta ó aon riail sa ghlaio sin ar thairiscintí. Ar an dara dul síos, i gcás nach dtugtar inmharthanacht an iarrrthóra lena mbaineann faoi cheist, téann foras neamhbhailíochta atá bunaithe ar cheanglas den sórt sin níos faide ná an méid is gá chun láithreachta stáisiúin raidió cobhsaí agus intuairthe ó thaobh a fheidhme de a áirithiú ar mhargadh na meán.

Thairis sin, tugann an Chúirt faoi deara gur glacadh an cinneadh maidir le diúltú athnuachana i bhfad i ndiaidh na teorann ama 6 seachtaine dá bhforáiltear leis an gcreat rialála. Ina theannta sin, níor eagraíodh an nós imeachta tairisceana in am tráthúil chun go bhféadfaí cinneadh a ghlacadh roimh dháta dul in éag chearta úsáide Klubrادیو. Dá réir sin, **sháraigh an Ungáir prionsabal an dea-riaracháin freisin.**

Ar deireadh, chinn an Chúirt gur **sháraigh an Ungáir an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chumhdaítear in Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha** ós rud é, ar an gcéad dul síos, gur glacadh an cinneadh lena diúltaíodh don athnuachan agus an dlí maidir leis na meáin agus, ar an dara dul síos, toisc gur glacadh an cinneadh neamhbhailíochta agus an glao ar thairiscintí lena mbaineann. **Dar leis an gCúirt, d'fhéadfadh aon bheart náisiúnta lena gcuirtear teorainn nó srian ar rochtain comhlachtaí craoltóireachta raidió ar radaimhínicíochtaí a bheith ag cur isteach ar a gceart chun saoirse na meán a ghabhann le saoirse craoltóireachta ar an raidió. Cinneann an Chúirt i ndáil leis sin go mbaineann na sárúithe agus na teipeanna a chuirtear i gcoinne Klubrادیو, sa chás seo, atá mar bhunús don chinneadh diúltaithe agus don chinneadh neamhbhailíochta araon, agus a chuir bac ar an raidió sin leanúint lena ghníomhaíocht i réimse na craoltóireachta raidió, le míchuinnis bheaga de chineál foirmiúil nó le gnéithe, iontu féin, nár cheart a bheith de thoradh orthu nach bhféadfadh raidió leanúint lena ghníomhaíochtaí.**

NÓTA: Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit mar gheall ar a mhainneachtain in oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann déanamh de réir an bhreithiúnais a luaithe is féidir. I gcás ina measann an Coimisiún nach ndearna an Ballstát de réir an bhreithiúnais, féadfaidh sé caingean nua a thabhairt ag lorg pionóis airgeadais. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear bearta lena dtrasúitear Treoir in iúl don Choimisiún, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais pionóis a ghearradh, ar togra ón gCoimisiún, ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Tá an creat rialála comhdhéanta, *inter alia*, de [Threoir 2002/20/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, arna leasú le Treoir 2009/140 (an Treoir maidir le húdarú); de [Threoir 2002/21/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, arna leasú le Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena leasaítear Treoracha 2002/21/CE, 2002/19/CE agus 2002/20/CE (Treoir Réime); de [Threoir 2002/77/CE](#) ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2002 maidir le hiomaíocht sna margaí do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le hiomaíocht), agus de [Threoir 2018/1972/UE](#) lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach, sula ndearnadh athbhreithniú ar Threoracha 2002/21/CE agus 2002/20/CE.

² Airteagal 11.